# Coinnigh fliú na n-éan AMACH

**COSAIN D'ÉIN. COSAIN D'FHEIRM**

## Rialú rochtana

- Ná lig **do dhaoine, d'fheithiclí, d'uirlisí ná do chliathbhoscaí** teacht isteach san fheirm ach amháin nuair is gá.
- Díghalraigh **duine ar bith agus rud ar bith** a thagann isteach san fheirm, go háirithe má rabhadar i dteagmháil le héanlaith chlóis, le dramhaíl éanlaithe clóis nó le héin fhiáine le déanaí.
- Caith **éadaí glana** i gcónaí agus **nigh do lámha** agus do **choisbheart** agus tú ag dul isteach san fheirm.

## Uile-isteach, uile-amach

- Tabhair isteach ag an am céanna **éin den aois chéanna** agus **cuir amach le chéile iad** ag deireadh an timthrialla táirgthe. Feabhsaítear ar an dóigh sin éifeachtúlacht táirgthe agus laghdaítear dá bharr cuairteanna ar an bhfeirm, rud lena laghdaítear an riosca go rachaidh galair isteach san ealta.

## Glanadh amach iomlán

- **Díghalraigh agus glan gach saoráid go rialta**, go háirithe tar éis gach timthrialla táirgthe.
- Coinnigh limistéir **"ghlana"** (ina mbítear teagmháil le hainmhithe) agus limistéir **"shalacha"** (in aice leis an taobh amuigh) den fheirm scartha óna chéile go soiléir.

## Beathú agus uisce

- Ná húsáid beathú a d'fhéadfadh a bheith nochta **do shalachar, do chac nó do thaise**.
- Stóráil beathú i **gcoimeádáin dhúnta** nó **uiscedhíonacha** i gcónaí, agus easair i limistéir dhúnta nó chumhdaithe d'fhonn éilliú a sheachaint.
- Cuir **uisce óil úr, glan** ar fáil do d'ealta.

## Spás ar bith ann d'éin fhiáine

- Bain úsáid as **díonta daingne, ballaí séalaithe agus fál teann** le haghaidh clóis.
- Seachain **beathú a bhogadh idir ealtaí éagsúla**, agus déan cinnte de nach bhfuil aon uisce bodhar timpeall na feirme.
- Cosain limistéir lasmuigh le **heangach nó banrach shreinge agus ná déan dearmad seiceáil rialta a dhéanamh ar phoill nó bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann**. D'fhéadfadh feistí scanraithe nó bacainní cabhrú le héin fhiáine a choinneáil amach freisin.

## Speiceas amháin, spás amháin

- Cineálacha éagsúla éanlaithe clóis amhail sicíní, lachain agus turcaithe, **ba cheart iad a choinneáil scartha óna chéile** chun leathadh galair ó speiceas go chéile a sheachaint.

## Bí airdeallach ar na comharthaí

- Má thugann tú aon rud neamhghnách faoi deara maidir le d'ealta – laghdú ar iontógáil bia nó uisce, básanna tobanna, nó comharthaí eile galair, mar shampla – **déan é a thuairisciú láithreach** do do thréidlia nó d'údaráis sláinte áitiúla.
- Dá luaithe a ghníomhaíonn tú, is amhlaidh is fearr an seans go gcoscfaidh tú ráig thromchúiseach de fhliú na n-éan agus **go gcosnóidh tú d'ealta féin agus ealtaí eile in aice láimhe air**.



Cosain d'fheirm
#NoBirdFlu

EUROPEAN FOOD SAFETY AUTHORITY